# SLÍ OIDHREACHTA TEAGHLAIGH THRÁ LÍ




ABARTA HERITAGE

## NÓTAÍ BUÍOCHAIS:

B’iad Abarta Heritage (Sharon Greene, Róisín Burke agus Sara Nylund) a chruthaigh an leabhrán seo. Le buíochas ar leith do bhaill an ghrúpa stiúrtha oidhreachta: Mike Lynch, John Hickey, Claudia Köhler, Martha Farrell, Colette O’Connor, Patricia Greaney agus John Griffin. Léaráid de Shéipéal Naomh Eoin Baiste, Trá Lí le Ann O’Shea Daly.

Cuireadh an leabhrán seo i dtoll a chéile thar cheann Choiste na mBailte Slachtmhara, Trá Lí, le tacaíocht ó Chomhaontas Gnó Thrá Lí, Comhairle Contae Chiarraí agus Príomh-Mhúsaem Chiarraí, le maoinú ón gComhairle Oidhreachta trí Scéim na nDeontas Oidhreachta Pobail 2023. Cruthaíodh an leabhrán le feidhmiú i dteannta clostreoir agus mapa scéala Shlí Oidhreachta Thrá Lí, atá ar fáil anseo:

https://storymaps.arcgis.com/stories/7047eff138064ba89b47174432e810f6

# STADANNA SHLÍ OIDHREACHTA TEAGHLAIGH THRÁ LÍ




| | |
|---|---|
| **Pointe 1.** | Halla Cuimhneacháin an Ásaigh – Príomh-Mhúsaem Chiarraí |
| **Pointe 2.** | Leac Cuimhneacháin Sonny McCarthy agus Siamsa Tíre |
| **Pointe 3.** | Prióireacht Dhoiminiceach an Chrois Ró-naofa agus Plás Day |
| **Pointe 4.** | Oileán na nGéanna |
| **Pointe 5.** | Sráid na Mainistreach |
| **Pointe 6.** | Cearnóg an Mhargaidh |
| **Pointe 7.** | Sráid Deiní |
| **Pointe 8.** | An Meal |
| **Pointe 9.** | Séipéal Naomh Eoin an tSoiscéalaí, Eaglais na hÉireann |
| **Pointe 10.** | Teach Cúirte Thrá Lí |
| **Pointe 11.** | Séipéal Naomh Eoin Baiste, Eaglais Chaitliceach, agus Clochar na Toirbhearta |
| **Pointe 12.** | Páirc an Bhaile |
| **Pointe 13.** | Leac Cuimhneacháin Rós Thrá Lí |

# POINTE 1. HALLA CUIMHNEACHÁIN AN ÁSAIGH – PRÍOMH-MHÚSAEM CHIARRAÍ

Tá an foirgneamh seo, a nglaotar Halla Cuimhneacháin an Ásaigh air, ina bhaile ag Príomh-Mhúsaem Chiarraí. Bhí sé ar cheann de na foirgnimh phoiblí is luaithe a tógadh tar éis d'Éirinn a neamhspleáchas a bhaint amach.


Féach os cionn an dorais tosaigh. An féidir leat ainm an fhir as a bhfuil an halla ainmnithe a aimsiú?

T _ _ Á _ _     _G _ _ S

(a aithnítear chomh maith faoin ainm  T_ _ _ _ S  A_ _ E )




Saolaíodh an Ciarraíoch seo sa bhliain 1885. Bhí ról tábhachtach aige sa choimhlint chun Neamhspleáchas na hÉireann a bhaint amach, agus é mar uachtarán ar Bhráithreachas Phoblacht na hÉireann, chomh maith le bheith ar dhuine de bhunaitheoirí Óglaigh na hÉireann. D'fhuair sé bás ar stailc ocrais i mBaile Átha Cliath sa bhliain 1917 (bhí sé i gcarcar agus é ag iarraidh stádas mar phríosúnach polaitiúil a bhaint amach).




Freagra: Tomás Aghas (Thomas Ashe)

# POINTE 2. LEAC CUIMHNEACHÁIN SONNY MCCARTHY AGUS SIAMSA TÍRE

Taobh leis an tslí isteach sa pháirc tá cros mhór Cheilteach. Is é seo an leac i gcuimhne ar William “Sonny” McCarthy ó Leac Snámha. B’Oifigeach Faisnéise é le hÓglaigh Éireann.

Le linn Chogaidh na Saoirse, ar 26ú Márta 1921, gabhadh é i dTrá Lí tar éis teachtaireachtaí tábhachtacha a sheachadadh. Thug fórsaí na corónach é go dtí an pháirc seo, áit a maraíodh é. Ní raibh sé ach 25 bliana d’aois. Tá an chros tógtha san áit a fuarthas a chorp. Tá an chros maisithe le siombailí atá ionadaíoch ar Chiarraí, Éirinn, an Chríostaíocht agus an comhrac ar son an neamhspleáchais.



**Féach níos grinne ar leac Sonny McCarthy agus déan iarracht maisiú a dhéanamh ar do chros Cheilteach féin.**

In aice láimhe feicfidh tú Siamsa Tíre. Is é seo Amharclann Dhúchasach Náisiúnta Éireann. Tá sé tiomnaithe d’oidhreacht bheo cheol, amhránaíocht agus rince na hÉireann a chaomhnú.

# POINTE 3. PRIÓIREACHT DHOIMINICEACH NA CROISE RÓ-NAOFA AGUS PLÁS DAY

Tháinig an chéad mhanach Doiminiceach go Trá Lí nuair a bunaíodh an baile sa bhliain 1243 ag Seán Mac Gearailt (.i. Seán Sheanaid) agus bunaíodh mainistir san áit ina bhfuil Sráid na Mainistreach anois. Tógadh Séipéal Doiminiceach na Croise Ró-Naofa ar Plás Day sa bhliain 1870.



Tá Plás Day ainmnithe do Robert Day, a thóg an tsraith fhaiseanta tithe Seoirseacha in 1805. Gné speisialta de thithe Seoirseacha ná an fhuinneog feanléis os cionn an dorais a scaoileann solas isteach ar an halla. Tagann a ainm ó chruth feain mná uasail. Ar do shiúil trí Thrá Lí duit feicfidh tú go leor saghsanna fainléis dhifriúil.

**Tá an fhuinneog mhór os cionn doras an tséipéil ainmnithe do shaghas bhláth ar leith. An bhfuil tuairim agat cad is ainm don mbláth sin?**

**Freagra:** ____________________





Freagra: Rós

# POINTE 4. OILEÁN NA NGÉANNA



Sara rinneadh gairdín uirbeach as an gceantar seo, bhí monarcha Denny anseo ag déanamh ispíní agus slisíní bágúin. Siar sna meánaoiseanna bhí búistéirí anseo chomh maith, am a chuaigh sé faoin ainm ‘An Seamlas’.

Inniu, déanann an láthair seo ceiliúradh ar an mbithéagsúlacht agus an dúlra. Fásann bláthanna agus féara fiáine sna ceapóga ardaithe. Gnáthaíonn éanlaithe agus feithidí iad seo – go háirithe beacha! I rith an tsamhraidh d’fhéadfadh go gcloisfidh agus go bhfeicfidh tú gabhláin ghaoithe, a bhfuil a neadach acu ar bharr an tsimléir bríce.





**An féidir leat an t-aon chuid den sean-mhonarcha atá fós ina sheasamh a fheiscint? Freagra:** ______________________

**Sa spás thíos tarraing pictiúr den bhláth is ansa leat.**

Freagra: Simléar de bhríce rua

# POINTE 5. SRÁID NA MAINISTREACH


Sheas an Mhainistir Dhoiminiceach sa limistéar seo tráth dá raibh. Dúnadh í le linn an Reifirméisin agus scriosadh í ag fórsaí Chromail in 1652.


Tháinig seandálaithe ar roinnt iarsmaí den mhainistir nuair a bhíodar ag tochailt faoin gcarrchlós. Tá painéal eolais anseo a insíonn duit faoin méid a aimsíodar ann. Tugadh cuireadh don Ord Doiminiceach teacht chun an mhainistir a thógáil anseo thart ar 1243 ag Seán Mac Thomáis Mac Gearailt – an tiarna cumhachtach a bhí i gceannas an cheantair ag an am.

**Ón téacs atá ar an bpainéal, cad a bhíodh ar siúil ag na manaigh sa phroinnteach?**

**Freagra:** ____________________

**An raibh a fhios agat...** Bhí an leasainm 'Tomás an Ápa' ar an tarna Iarla DeasMhumhain, garmhac Sheáin Mhic Thomáis Mac Gearailt. Maraíodh Seán agus a mhac Muiris araon ag Cath Chalainn sa bhliain 1261.






De réir thraidisiún na nGearaltach, nuair a tháinig an drochscéal chomh fada le Trá Lí, bhí an oiread san clampair ann nár thug éinne faoi deara nuair a sciob peata moncaí an teaghlaigh an naionán Tomás as a chliabhán go dtí go bhfacadar an moncaí agus an leanbh ina bhaclainn ar bharr fallaí na mainistreach!

Freagra: Ag ithe

# POINTE 6. CEARNÓG AN MHARGAIDH

Tráth dá raibh, b’é seo croílár cúrsaí gnó Thrá Lí, áit a mbíodh feirmeoirí agus lucht trádála eile ag teacht chun bualadh agus chun a gcuid earraí a dhíol.

Sheas Teach an Mhargaidh agus Teach Cúirte an Chontae ar an taobh thuaidh. Tá ceann de na sean-shlite isteach, lena áirse, fós le feiscint ann.




Bhí aithne ag muintir an bhaile ar fad ar Judith Brow, bean a bhíodh seastán aici anseo breis agus 200 bliain ó shin.

- An féidir leat rianta a coise a aimsiú?
- Cén aois a bhí ag Judith Brow nuair a fuair sí bás?

Freagra: ____________________


# POINTE 7. SRÁID DEINÍ

**Cé mhéid de na gnéithe ailtireachta Seoirseacha seo a leanas atá tú in ann a aimsiú:**

- [ ] **Scríobaire buataise**
- [ ] **Feanléas**
- [ ] **Baschrann práis**
- [ ] **Bosca Litreach**

Tá Sráid Deiní ainmnithe do Edward Denny. In 1567 bhronn an Bhanríon Eilís I an baile agus a chaisleán meánaoiseach air siúd.

Ionsaíodh agus rinneadh damáiste do chaisleán mór Thrá Lí go leor uaireanta, ina measc le linn Éirí Amach 1641, ag Ceannaircigh Éireannacha in 1642 agus arís in 1691 le linn Cogadh an Dá Rí. Sna 1820í, nuair a bheartaigh muintir Dheiní sráid nua fhaiseanta – Sráid Deiní – a tógáil, bhí an sean-chaisleán sa tslí agus leagadh é! Ní gan mhaith a bhí sé, ámh, mar go rinneadh athúsáid ar go leor de na clocha uaidh agus iad ag tógáil cuid de na tithe ar an tsráid nua.



Tógadh na tithe ar Shráid Deiní sa stíl Sheoirseach, ar aon dul leo siúd i bPlás Day, ag fágaint go bhfuil siad cosúil lena chéile. An féidir leat na feanléasacha os cionn na doirse a fheiscint? Tá colúin ar dhá thaobh an dorais ag go leor acu leis, anuas ar bhoschrainn ghalánta agus boscaí litreach den phrás. Seans go bhfeicfidh tú scríobairí buataise d'iarann ar an gcéim uachtarach chomh maith céanna.

# POINTE 7. SRÁID DEINÍ

Thosnaigh Dómhnal Ó Conaill, a bhfuil an leasainm 'An Fuascailteoir' air, amach ina shaol gairmiúil mar abhcóide i gCiarraí. Saolaíodh é in aice Dhoire Fhíonáin in Uíbh Ráthach. B'as Trá Lí dá bhean chéile, Mary. Chreid sé nár cheart dul i muinín an fhoréigin, agus in ionad san throid sé ar son chearta na gCaitliceach trí chóras na gcúirteanna.



Thug sé óráid uair amháin do shlua agus é seasta ag fuinneog thuas staighre ar Shráid Deiní.

Ag ceann amháin den tsráid tá dealbh faoin ainm '**An Fear Píce'**. Tógadh é seo i gcuimhne ar Éirí Amach 1798 agus an ghluaiseacht chun neamhspleáchas na hÉireann a bhaint amach ó Impireacht na Breataine.



**An raibh a fhios agat...**

B'é an píce an gnáth-ghléas troda ag an am mar nach raibh gunnaí ina seilbh ag mórán daoine.

**Fíric Shuimiúil:**

An raibh a fhios agat go bhfuil peidhre amháin de phiostail chomhraic Dhónal Uí Chonaill ar taispeáint ag Príomh-Mhúsaem Chiarraí?

**An bhfuil a fhios agat cén fáth a ghlaotar 'An Fear Píce' ar an dealbh?**

**Feagra:**

___

Freagra: Píce an t-ainm atá ar an ngléas troda atá aige

# POINTE 8. AN MEAL

Tá an foirgneamh is suntasaí ar an Meal aitheanta faoin ainm Foirgneamh an Fhéinics. Tá sé tógtha as brící rua sa stíl Éadbhardach. Tá an t-ainm san air toisc gur dódh é go talamh agus atógadh é dhá bhabhta!

Tá Lána Mhargadh an Bhainne agus na hiothlainneacha mar a stóráladh cruithneacht sara ndéanadh plúr aisti fós le feiscint inniu. Tráth dá raibh bhíodh Lána Mhargadh an Bhainne faoin ainm ‘Lána na bPióg’, is dóigh liom gur féidir leat buille faoi thuairim a thabhairt faoi cad a bhíodh á díol anseo!

**An raibh a fhios agat...**
Le linn an Ghorta Mhóir 1845-52 gur fhág longa Trá Lí agus ar bord orthu bhí idir bhia (arbhar) agus daoine ag fágaint na tíre chun nach bhfaighidis bás le hocras?



**In aice láimhe tá lána den ainm Lána an Ghréasaí. Cad is dóigh leat a bhíodh á dhéanamh anseo?**

**Freagra:** ____________________




**Ocras ort? Déan pictiúr de chuid de na saghsanna bia a bhíodh ar díol anseo san aimsir chaite. Nod – bain úsáid as ainmneacha na sráideanna mar ionspioráid!**

Freagra: Bróga (glaotar ‘gréasaí’ ar dhuine a ndéanann bróga)

# POINTE 9. SÉIPÉAL NAOMH EOIN AN TSOISCÉALAÍ, EAGLAIS NA HÉIREANN

Tá Séipéal Naomh Eoin an tSoiscéalaí, Eaglais na hÉireann ar cheann de na foirgnimh is sine i dTrá Lí. Atógadh é sna 1700í ar láthair shéipéil mheánaoisigh go raibh 'Teampall an tSolais' mar ainm air. Bhí an t-ainm san air toisc go mbíodh lampa crochta óna thúr, ag caitheamh solais ar mhaithe na ndaoine a bhíodh orthu droichead coise a thrasnú chun an séipéal a bhaint amach.

Tá an sruthán a bhíodh an droichead trasna air anois faoi thalamh. Tháinig Spidléirí Naomh Eoin go hÉireann leis na hAngla-Normannaigh. Chuiridis fáilte, bia agus áit chodlata ar fáil d'oilithrigh agus dhéanaidis cúram de na bochtáin ag a mainistir.



**Cruthaigh pátrún dod fhuinneog ghloine daite féin bunaithe ar a bhfeiceann tú thart ar an séipéal.**

# POINTE 10. TEACH CÚIRTE THRÁ LÍ

Tógadh Teach Cúirte Thrá Lí sa bhliain 1835, agus é deartha i riocht teampaill Ghréagaigh.


Ina seasamh lasmuigh den Teach Cúirte tá dhá shean-ghunna mór a bhíodh i seilbh Arm na Breataine tráth. Nuair a bhíodh Éire faoi smacht Impireacht na Breataine, throid mórchuid fear Éireannach leo ar fud na cruinne. Cuireadh na gunnaí móra anseo i gcuimhne ar na Ciarraígh a fuair bás i gcogaí i bhfad ó bhaile.

**An féidir leat na logainmneacha scríofa ar na gunnaí móra a aimsiú?**

**Líon isteach na bearnaí:**
**I _ D _ _ and C _ _ M _ A**



Trasna an bhóthair tá Halla Protastúnach Chiarraí. Is é seo an áit a bhíodh baill de phobal Eaglais na hÉireann i dTrá Lí ag teacht le chéile. An gné is suntasaí de ná an clog os cionn an dorais. Glaotar 'Uimhreacha Rómánacha' ar an saghas huimhreacha atá ar an gclog seo.




**An féidir leat d'aois féin a scríobh amach in uimhreacha Rómánacha?**

**Freagra:** ______________________


Freagraí: 'India' agus 'Crimea'

# POINTE 11. SÉIPÉAL NAOMH EOIN BAISTE, EAGLAIS CHAITLICEACH, AGUS CLOCHAR NA TOIRBHEARTA

Ba chaladhphort tábhachtach í Chathair Uí Mhóráin (in aice Thrá Lí), agus easphortáladh go leor barraí uaithi i rith an Ghorta Mhóir (1845-52). Rinne grúpaí áirithe, leithéid Siúracha na Toirbhearta, a ndícheall chun cabhrú trí bhia agus airgead a thabhairt uathu, ach níor leor é. Ar an dul síos céanna, bhí Cathair Uí Mhóráin ar cheann de mhórchuid caladhphort ónar fhág daoine an tír le linn an Ghorta Mhóir.

*““bhí sé ar chumas na mban rialta, as ucht síntiús ó dhaoine carthannacha, bricfeasta a cheannach do roinnt leanaí bochta ocracha gach lá. Sa tslí seo beathaíodh idir seasca agus céad leanbh gach lá agus – ar feadh chuid den samhraidh – idir dhá chéad agus trí chéad leanbh. Rinneadh agus bácáladh an t-arán sa chlochar.”*

Sleacht as Annálacha Chlochar na Toirbhearta, Trá Lí.



**1. Sleacht as Annálacha Chlochar na Toirbhearta, Trá Lí?**

**2. An bhfuil tuairim agat cé chomh hard is atá spuaic Shéipéal Naomh Eoin Baiste?**

**A:** 40 méadar


**B:** 50 méadar

**C:** 60 méadar

Séipéal Naomh Eoin Baiste, Trá Lí, le Ann O'Shea Daly

Freagra: 60 méadar

# POINTE 12. PÁIRC AN BHAILE



Aithnítear Páirc an Bhaile go háitiúil faoin ainm ‘The Green’. Tráth dá raibh, bhí sé ina chuid de thailte Chaisleán Thrá Lí.

Tá go leor crann dúchasach ar fáil sa pháirc. An crann is cáiliúla ná an crann darach in aice an gheata isteach a bhíonn á úsáid mar phointe cruinnithe ag muintir Thrá Lí.

Laistigh den pháirc tá Gairdín na gCéadfaí, áit gur féidir leat triail a bhaint as do chéadfaí difriúla. Cad is féidir leat a fheiscint, a bholú, a mhothú agus a chloisint?

**Tá Babhla an Deaghdia ionadaíoch ar chéadfaí an bhlaiseadh. Féach ar na carachtair laistigh den bhabhla. Ar cheann acu feicfidh tú gné a bheifeá ag súil leis ar ainmhí. An féidir leat an t-ainmhí a ainmniú?**

**An bhfuil a fhios agat cad a ghlaotar ar thoradh an chrainn daraigh? D _ _ R _ _ N**

Freagraí: Fia (beanna), DEARCÁN

# POINTE 13. LEAC CUIMHNEACHÁIN RÓS THRÁ LÍ

Is de William Pembroke Mulchinock, a scrígh an t-amhrán cáiliúil 'The Rose of Tralee', agus de Mary O'Connor, a bhí mar ionspioráid aige don amhrán, an dealbh seo.

**Sa dealbh, cad tá á bhronnadh ag William ar Mary?**
**Freagra:** ______________________

**An féidir leat ainm Rós ó do chontae/tír féin a aimsiú ar an leac?**



Gné álainn eile den pháirc ná Gairdín na Rósanna, go bhfuil breis agus 35 saghas rós ag fás ann!

**An raibh a fhios agat...**
gur reachtáladh an chéad chomórtas Rós Thrá Lí i Halla Cuimhneacháin an Ásaigh?



Freagra: Rós

# COMHGHÁIRDEACHAS!

Tá Slí Oidhreachta Teaghlaigh Thrá Lí anois críochnaithe agat. Chun an leabhrán a chríochnú is féidir leat an áit ar an slí is mó a thaitin leat a tharraingt sa bhosca thíos.

# CAITHIMH AIMSIRE EILE DO THEAGHLAIGH IN AGUS MÓRTHIMPEALL THRÁ LÍ

**Chun fáil amach faoi tuilleadh caitheamh aimsire spraíúla sa cheantar, féach ar: https://www.discoverkerry.com/**

**In aice láimhe is féidir leat cuairt a thabhairt ar Pháirc Gníomhaíochta agus Éiceolaíochta Bhogach Bhá Thrá Lí, An Aquadome, Muileann Gaoithe Chathair Uí Mhóráin, agus Bealach Glas na Ríochta.**
















## Rose of Tralee Lyrics

*The pale moon was rising above the green mountain,*
*the sun was declining beneath the blue sea;*
*When I strayed with my love to the pure crystal fountain,*
*That stands in the beautiful Vale of Tralee.*

*She was lovely and fair as the rose of the summer*
*Yet 'twas not her beauty alone that won me;*
*Oh no, 'twas the truth in her eyes ever dawning,*
*That made me love Mary, the Rose of Tralee.*

*The cool shades of evening their mantle were spreading*
*And Mary all smiling sat listening to me;*
*The moon through the valley her pale rays were shedding*
*When I won the heart of the Rose of Tralee.*

*She was lovely and fair as the rose of the summer*
*Yet 'twas not her beauty alone that won me;*
*Oh no, 'twas the truth in her eyes ever dawning,*
*That made me love Mary, the Rose of Tralee.*

*On the far fields of India, mid war's bloody thunder,*
*Her voice was a solace and comfort to me,*
*But the cold hand of death has now torn us asunder*
*I'm lonely tonight for my Rose of Tralee.*

*She was lovely and fair as the rose of the summer*
*Yet 'twas not her beauty alone that won me;*
*Oh no, 'twas the truth in her eyes ever dawning,*
*That made me love Mary, the Rose of Tralee.*

William Pembroke Mulchinock